Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**8939/16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0284 (COD)**

**PI 57**
**CODEC 660**
**RECH 138**
**EDUC 140**
**COMPET 236**
**SAN 185**
**AUDIO 59**
**CULT 40**
**DIGIT 50**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8621/16 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15302/15+ADD 1+ADD 2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinaistritheacht trastheorann seirbhísí ábhair ar líne a áirithiú sa mhargadh inmheánach<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

Sheol an Coimisiún an togra thuasluaite chuig an gComhairle ar an 9 Nollaig 2015.

Ceann de na chéad tionscnamh ón gCoimisiún faoin Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach atá sa togra seo, arb é is cuspóir leis margadh inmheánach a chruthú d'ábhar digiteach agus do sheirbhísí digiteacha. Is é is aidhm leis bacainní ar inaistritheacht thrasteorann a bhaint ionas go bhféadfaidh úsáideoirí, a thug síntiús le haghaidh ábhar ar líne nó a fuair an t-ábhar sin sa Bhallstát cónaithe, rochtain a fháil ar an ábhar céanna fiú má tá siad i láthair go sealadach i mBallstát eile.

Ar an 13 Bealtaine 2016, tar éis obair dhian a dhéanamh faoi Uachtaránacht na hÍsiltíre, tháinig Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) ar chomhaontú ginearálta maidir leis an togra comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo. Mar sin féin, tá dhá shaincheist atá fós gan réiteach, nach bhfuil glacadh ag roinnt toscaireachtaí leo, i.e. (i) láithreacht shealadach agus (ii) tarscaoileadh fíoraithe. Déantar anailís ar na saincheisteanna sin faoi chuid II thíos.

## II. SAINCHEISTEANNA MÓRA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

### A. Sainmhíniú ar "i láthair go sealadach i mBallstát" (Airt. 2(d))

Aithnítear go forleathan gur ríthábhachtach soiléire i ndáil lena bhfuil i gceist leis an téarma seo chun an Rialachán a chur i bhfeidhm.

Dar le formhór na dtoscaireachtaí, cuirtear dóthain soiléire agus deimhneachta dlíthiúla ar fáil sa téacs atá sa togra comhréitigh ón Uachtaránacht, má léitear é in éineacht leis an sainmhíniú ar "Bhallstát cónaithe".

Mhol roinnt toscaireachtaí, áfach, go gcuirfí critéir ama leis an sainmhíniú sin, i.e. go mba cheart don láithreacht shealadach bheith neamhbhuan agus gearr. Is é is aidhm don chritéir ama a mholtar go seachnófaí léirmhínithe a d'fhéadfadh bheith ró-ghinearálta, a mheasann na toscaireachtaí seo arb ionann iad agus rochtain trasteorann a thabhairt.

### B. Oibleagáid maidir le tarscaoileadh fíoraithe (Airt. 3B(5) agus (6))

Leis an Rialachán cuirtear oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne inaistritheacht an ábhair sin a cheadú. Tá oibleagáid freisin ar sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne Ballstát cónaithe a gcuid rannpháirtithe a fhíorú d'fhonn a dhearbhú cathain a bhíonn na rannpháirtithe sin i láthair go sealadach i mBallstát eile.

Ós rud é gurb ann don oibleagáid fíoraithe sin ar mhaithe le cosaint leasanna sealbhóirí cirt nó leasanna aon daoine eile a bhfuil cearta acu i leith an ábhair ar líne, tá tromlach na dtoscaireachtaí den tuairim nár cheart go mbeadh foráil sa Rialachán lena gcuirfí ar chumas na sealbhóirí cirt droim láimhe a thabhairt d'fhíorú ionas nach gcuirfí teorainn mhíchuí ar shaoirse sealbhóirí cirt úsáid a gcuid ábhair ar líne a údarú de réir mar is mian leo. Thabharfaí isteach tarscaoileadh oibleagáidí fíoraithe leis an bhforáil sin i gcás nach iomchuí na hoibleagáidí sin d'earnáil ná do chineál an ábhair lena mbaineann. Foráiltear leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht go mbeidh feidhm fós ag gach gné eile den Rialachán, d'ainneoin gur féidir le sealbhóirí cirt rochtain a cheadú ar a gcuid ábhair agus úsáid an ábhair sin a cheadú gan an Ballstát cónaithe a fhíorú, má dhearbhaítear Ballstát cónaithe an rannpháirtí, sa chás sin, trí mheán an chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir an soláthraí seirbhíse ar líne agus an rannpháirtí. Thairis sin, foráiltear go sainráite nach bhféadfar leis na comhaontuithe idir na soláthraithe seirbhísí ar líne agus sealbhóirí cirt srian a chur le cumas na sealbhóirí cirt an ceadú uathu a tharraingt siar, faoi réir fógra réasúnta a thabhairt roimh ré d'fhonn a sheachaint go ndéanfaí éagóir ar ghnó soláthraí seirbhíse.

Measann roinnt toscaireachtaí, áfach, go bhféadfadh soláthraithe, a bhfuil cumhacht mhargaidh shuntasach acu i leith soláthraithe a bhfuil níos lú cumhachta acu, mí-úsáid a bhaint as an gcumhacht sin dá gcomhaontófaí nach gá fíorú a dhéanamh, agus dá bhrí sin, mhol siad nach mbeadh feidhm ag an bhforáil sin ach amháin maidir le hábhar a chuirtear ar fáil do na soláthraithe uile seirbhísí ar líne san Aontas Eorpach ar bhonn neamheisiach.

## III. CONCLÚID

Ar bhonn an togra chomhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo, iarrtar ar an gComhairle na saincheisteanna thuasluaite atá fós gan réiteach a shocrú agus cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir leis an Rialachán atá beartaithe.

**Togra comhréitigh ón Uachtaránacht le haghaidh**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le hinaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach**
**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,
De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain leanúnach ar sheirbhísí ábhair ar líne ag tomhaltóirí ar fud an Aontais le go bhfeidhmeodh an margadh inmheánach ar bhealach rianúil. Ós rud é gur limistéar gan teorainneacha inmheánacha atá sa mhargadh inmheánach agus go bhfuil sé ag brath, *inter alia*, ar shaorghluaiseacht seirbhísí agus daoine, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh go bhféadfaidh tomhaltóirí seirbhísí inaistrithe ábhair ar líne a úsáid a thugann rochtain ar ábhar amhail ceol, cluichí, scannáin nó imeachtaí spóirt, ní amháin ina mBallstát cónaithe ach, chomh maith leis sin, nuair a bhíonn siad i láthair go sealadach i mBallstáit eile de chuid an Aontais ar laethanta saoire, ar thurasanna gnó nó ag taisteal dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur le bacainní ar rochtain agus ar úsáid na seirbhísí ábhair sin ar líne, sna cásanna sin.

1 IO C , , p. .

(2) An fhorbairt theicneolaíoch as a dtagann iomadú gléasanna iniompartha amhail táibléid agus fóin chliste, tá méadú ag teacht ar an méid a éascaíonn sí úsáid seirbhísí ábhair ar líne trí rochtain a thabhairt orthu cibé áit ina bhfuil an tomhaltóir. Tá méadú mear ag teacht ar éileamh na dtomhaltóirí ar rochtain ar ábhar agus ar sheirbhísí nuálaíocha ar líne, ní hamháin ina mBallstát cónaithe ach, chomh maith leis sin, nuair a bhíonn siad i láthair go sealadach i mBallstát eile de chuid an Aontais.

(3) Tá méadú ag teacht ar a mhinice a dhéanann tomhaltóirí socruithe conartha le soláthraithe chun seirbhísí ábhair ar líne a sholáthar. Mar sin féin, is minic nach féidir le tomhaltóirí atá i láthair go sealadach i mBallstát eile de chuid an Aontais leanúint de rochtain a fháil ar na seirbhísí ábhair ar líne nuair a bhíonn an ceart faighte acu iad a úsáid ina mBallstát cónaithe.

(4) Tá roinnt bacainní ann a chuireann bac ar sholáthar na seirbhísí do thomhaltóirí atá i láthair go sealadach i mBallstát eile. Tá seirbhísí áirithe ábhair ar líne, amhail ceol, cluichí nó scannáin cosanta ag cóipcheart agus/nó cearta gaolmhara faoi dhlí an Aontais. Go háirithe, bíonn constaicí roimh inaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne mar gheall ar na cearta maidir le tarchur ábhair atá cosanta ag cóipcheart agus/nó cearta gaolmhara i ndáil le saothair chlosamhairc, mar shampla, a bhíonn ceadúnaithe go minic de réir na críche mar go bhfuil an rogha ag soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne freastal ar mhargaí ar leith amháin.

(5) Is amhlaidh atá i gcás ábhar eile ar nós imeachtaí spóirt nach bhfuil cosanta ag cóipcheart agus/nó cearta gaolmhara faoi dhlí an Aontais ach a d'fhéadfadh bheith cosanta ag cóipcheart, cearta a bhaineann le cóipcheart nó de bhun reachtaíocht shonrach eile faoin dlí náisiúnta agus a bhíonn ceadúnaithe go minic freisin ag lucht eagraithe na n-imeachtaí nó curtha ar fáil ag soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne de réir na críche. Bíonn craoladh an ábhair sin a dhéanann eagraíochtaí craolacháin cosanta ag cearta a bhaineann le cóipcheart agus atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, áirítear ar chraoladh an ábhair sin go minic eilimintí atá cosanta ag cóipcheart amhail ceol, fís-seichimh thosaigh agus dheiridh nó grafaicí. Chomh maith leis sin, tá gnéithe áirithe den chraoladh sin a bhaineann le hócáidí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí nó imeachtaí a bhfuil an-suim ag an bpobal iontu amhail tuairiscí gearra nuachta, comhchuibhithe le Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Ar deireadh, ar sheirbhísí na meán closamhairc de réir bhrí Threoir 2010/13/AE, tá seirbhísí a sholáthraíonn rochtain ar ábhar amhail imeachtaí spóirt, nuacht nó cúrsaí reatha.

(6) Dá bhrí sin, tá seirbhísí ábhair ar líne á margú i bpacáistí, níos minice anois, ar pacáistí iad nach féidir an t-ábhar atá iontu nach bhfuil cosanta ag cóipcheart agus/nó cearta gaolmhara a scaradh ón ábhar atá cosanta ag cóipcheart agus/nó cearta a bhaineann le cóipcheart gan luach na seirbhíse a sholáthraítear do thomhaltóirí a laghdú go mór. Bíonn an fhadhb sin ann go háirithe i gcás ábhar a bhfuil costas breise leis amhail spórt nó imeachtaí eile a mbeadh an-suim ag tomhaltóirí iontu. Chun gur féidir le soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne rochtain iomlán ar a seirbhísí ábhair ar líne a chur ar fáil do thomhaltóirí, nuair atá na tomhaltóirí sin i láthair go sealadach i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe, tá sé fíor-riachtanach go gcumhdóidh an Rialachán seo freisin an t-ábhar sin a úsáidtear le seirbhísí ábhair ar líne agus, dá bhrí sin, go mbeidh feidhm aige maidir le seirbhísí na meán closamhairc de réir bhrí Threoir 2010/13/AE chomh maith le craoladh na n-eagraíochtaí craolacháin ina n-iomláine.

---

2 Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe atá leagtha síos leis an dlí, le Rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar(IO L 95, 15.4.2010, lch. 1-24).

(7) Tá na cearta a bhaineann le saothair chosanta agus ábhar cosanta eile comhchuibhithe, *inter alia*, i dTreoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], i dTreoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], i dTreoir 2006/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus i dTreoir 2009/24 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(8) Dá bhrí sin, ní mór do sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne a úsáideann saothair nó ábhar eile atá cosanta amhail leabhair, saothair chlosamhairc, ceol ar taifead nó craolta, ní mór dóibh na cearta a bheith acu chun an t-ábhar sin a úsáid i gcás na gcríoch lena mbaineann.

(9) Is gá i gcás tarchur a dhéanann soláthraí seirbhíse ábhair ar líne d'ábhar atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara go bhfaighfí údarú ó na sealbhóirí ábhartha cirt a bhaineann leis an ábhar atá le bheith sa tarchur amhail údair, taibheoirí, léiritheoirí nó eagraíochtaí craolacháin. Tá sin fíor chomh maith céanna nuair a dhéantar an tarchur sin chun ligean don tomhaltóir íoslódáil a dhéanamh d'fhonn seirbhís ábhair ar líne a úsáid.

---

3 Treoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí IO L 077, 27.3.1996, lch. 20-28.

4 Treoir 2001/29/CE ón bParlaimint agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise, IO L 167, 22.6.2001 lch. 10–19.

5 Treoir 2006/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an gceart cíosa agus an gceart iasachta agus maidir le cearta áirithe a bhaineann le cóipcheart i réimse na maoine intleachtúla IO L 376, 27.12.2006, lch. 28–35.

6 Treoir 2009/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le cosaint dhlíthiúil na gclár ríomhaireachta IO L 111, 05.5.2009, lch. 16–22.

(10) Ní féidir ceadúnas a fháil i leith na gceart ábhartha i gcónaí, go háirithe nuair a bhíonn cirt ó thaobh ábhair ceadúnaithe ar bhonn eisiach. D'fhonn a áirithiú go mbeidh eisiachas críche ann, is minic a ghabhann soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne chucu, ina gconarthaí ceadúnais le sealbhóirí cirt, lena n-áirítear eagraíochtaí craolacháin nó eagraithe imeachtaí, a gcuid rannpháirtithe a chosc ar rochtain a fháil ar a seirbhís agus úsáid a bhaint aisti lasmuigh den chríoch a mbaineann ceadúnas an tsoláthraí léi. Cuireann na srianta conartha sin d'iallach ar sholáthraithe bearta a dhéanamh amhail toirmeasc a chur ar rochtain ar a seirbhísí ó sheolta IP lasmuigh den chríoch lena mbaineann. Dá bhrí sin, is sna conarthaí a tugadh i gcrích idir na soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne agus a gcuid rannpháirtithe atá ceann de na constaicí ar inaistritheacht trasteorann na seirbhísí ábhair ar líne, agus bhí tionchar ag na clásail maidir le srian críche sna conarthaí a tugadh i gcrích idir na soláthraithe sin agus na sealbhóirí cirt ar na comhaontuithe sin.

(11) Ina theannta sin, chinn an Chúirt i gcásanna Uamtha C-403/08 agus C-429/08, Príomhshraith an Chumainn Sacair agus Daoine Eile, AE:C:2011:631, nach féidir srianta áirithe ar sholáthar seirbhísí a chosaint ar bhonn an chuspóra cearta maoine intleachtúla a chosaint.

(12) Dá bhrí sin, is é is cuspóir don Rialachán seo an creat dlíthiúil comhchuibhithe maidir le cóipcheart agus na cearta gaolmhara a oiriúnú agus cur chuige coiteann a chur ar fáil i leith soláthair seirbhísí ábhair ar líne do rannpháirtithe atá i láthair go sealadach i mBallstáit seachas a mBallstát cónaithe, d'fhonn a áirithiú nach mbeidh na bacainní atá ann faoi láthair ar inaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach ann a thuilleadh.

(12a) Ós rud é gur glacadh ionstraimí an Aontais i réimse an chánachais, tá sé riachtanach réimse an chánachais a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm aon fhoráil a bhaineann le cánachas.

(13) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, dá bhrí sin, maidir le seirbhísí ábhair ar líne a sholáthraíonn soláthraí, tar éis dó na cearta ábhartha a fháil ó shealbhóirí cirt i gcríoch ar leith, dá rannpháirtithe ar bhonn conartha, ar aon mhodh lena n-áirítear sruthú, íoslódáil nó aon teicníc eile lenar féidir an t-ábhar a úsáid. Níor cheart a mheas, chun críocha an Rialacháin seo, go bhfuil conradh le haghaidh soláthar seirbhíse ábhair ar líne i gceist nuair nach ndéantar ach clárú chun foláirimh ábhair a fháil nó glacadh le fianáin HTML.

(14) Seirbhís ar líne nach seirbhís de chuid na meán closamhairc í de réir bhrí Threoir 2010/13/AE agus a úsáideann saothair, ábhar eile nó craoltaí na n-eagraíochtaí craolacháin ar bhealach coimhdeachta amháin, níor cheart é a bheith cumhdaithe faoin Rialachán seo. Ar na seirbhísí sin tá suíomhanna gréasáin a úsáideann saothair nó ábhar cosanta eile ar bhealach coimhdeachta amháin amhail mar eilimintí grafacha nó mar cheol a úsáidtear mar chúlra, más é príomhchuspóir an tsuímh gréasáin sin earraí a dhíol, mar shampla.

(15) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach maidir le seirbhísí ábhair ar líne ar féidir le rannpháirtithe rochtain a fháil orthu go héifeachtach agus iad a úsáid sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu gan a bheith teoranta do shuíomh ar leith, mar nach iomchuí éileamh ar sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne nach soláthraíonn seirbhísí iniompartha i mBallstát cónaithe an rannpháirtí na seirbhísí sin a chur ar fáil trasna teorainneacha.

(16) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí ábhair ar líne a sholáthraítear ar íocaíocht airgid. Tá soláthraithe na seirbhísí sin in ann a fhíorú cén Ballstát cónaithe atá ag a gcuid rannpháirtithe. Ba cheart a mheas go bhfuil an ceart seirbhís ábhair ar líne a úsáid faighte ar íocaíocht airgid má tugadh an íocaíocht sin go díreach do sholáthraí na seirbhíse ábhair ar líne, nó do pháirtí eile amhail soláthraí a thairgeann pacáiste ina bhfuil seirbhís teileachumarsáide maille le seirbhís ábhair ar líne a oibríonn soláthraí eile. Níor cheart íocaíocht táille éigeantach, amhail táille cheadúnais craolacháin a mheas mar íocaíocht airgid chun seirbhís ábhair ar líne a fháil.

(17) De ghnáth ní dhéanann soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil gan airgead a íoc Ballstát cónaithe a chuid rannpháirtithe a fhíorú. Dá gcuirfí seirbhísí ábhair ar líne den sórt sin san áireamh sa Rialachán seo, bheadh athrú mór ar an gcaoi a seachadtar na seirbhísí ábhair ar líne sin agus bheadh costais dhíréireacha i gceist. Ar an taobh eile, mar gheall ar eisiamh na seirbhísí sin ó raon feidhme an Rialacháin, ní bheadh na seirbhísí sin in ann leas a bhaint as an sásra dlíthiúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus chun soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chumasú chun a gcuid seirbhísí ábhair ar líne a thairiscint ar bhonn inaistrithe ar fud an Aontais fiú nuair a chinneann siad infheistíocht a dhéanamh i meáin trínar féidir Ballstát cónaithe an rannpháirtí a fhíorú. Sin é an fáth gur cheart go mbeadh an rogha ag soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil gan airgead a íoc a bheith san áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo dá gcinnfidís amhlaidh agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidís na ceanglais maidir le fíorú an Bhallstáit chónaithe. Má bhíonn an rogha sin á feidhmiú acu, ba cheart é bheith d'oibleagáid orthu forálacha an Rialacháin a chomhlíonadh ar aon dul le soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid. Ina theannta sin, ba cheart dóibh cur in iúl do na rannpháirtithe, do shealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar agus dóibh siúd ag a bhfuil aon chearta eile a bhaineann le húsáid ábhair i seirbhísí ábhair ar líne maidir lena gcinneadh an rogha sin a fheidhmiú. D'fhéadfaí faisnéis den sórt sin a chur ar fáil ar suíomh gréasáin an tsoláthraí.

(18) D'fhonn inaistritheacht thrasteorann na seirbhísí ábhair ar líne a áirithiú tá sé riachtanach é a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid go gcuirfidís ar chumas a gcuid rannpháirtithe úsáid a bhaint as an tseirbhís sa Bhallstát ina bhfuil siad i láthair go sealadach trí rochtain a thabhairt dóibh ar an ábhar céanna agus ar an raon agus an líon céanna gléasanna, don líon céanna úsáideoirí agus leis an raon céanna feidhmiúlachtaí atá le fáil ina mBallstát cónaithe. Tá an oibleagáid sin éigeantach agus ní féidir leis na páirtithe, dá bhrí sin, í a eisiamh, í a mhaolú nó a héifeacht a athrú. Aon ghníomhaíocht a dhéanann soláthraí a choiscfeadh an rannpháirtí ar rochtain ar an tseirbhís nó úsáid a bhaint aisti le linn dó bheith i láthair go sealadach i mBallstát, mar shampla srianta ar fheidhmiúlachtaí na seirbhíse nó ar chaighdeán a seachadta, b'ionann í agus seachaint na hoibleagáide atá ann inaistritheacht thrasteorann na seirbhísí ábhair ar líne a chumasú agus dá bhrí sin bheadh an ghníomhaíocht sin ina sárú ar an Rialachán seo.

(19) Dá mbeadh ceanglas ann go mbeadh seachadadh seirbhísí ábhair ar líne do rannpháirtithe a bheadh i láthair go sealadach i mBallstáit seachas a mBallstát cónaithe ar aon chaighdeán leis an tseirbhís sa Bhallstát cónaithe, b'fhéidir go gcuirfeadh sin costais mhóra ar sholáthraithe seirbhíse ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid agus dá bhrí sin ar deireadh thiar ar rannpháirtithe. Dá bhrí sin, ní hiomchuí i gcás an Rialacháin seo ceanglas a bheith ann go ndéanfaidh an soláthraí seirbhíse ábhair ar líne bearta chun caighdeán seachadta na seirbhísí sin a áirithiú thar an gcaighdeán atá le fáil tríd an rochtain ar líne áitiúil a roghnaíonn rannpháirtí le linn dó bheith i láthair go sealadach i mBallstát eile. I gcásanna den sórt sin ní bheidh an soláthraí faoi dhliteanas má bhíonn caighdeán seachadta na seirbhíse níos ísle. Mar sin féin, má aontaíonn an soláthraí go sainráite a ráthú an caighdeán áirithe a sheachadadh chuig rannpháirtithe le linn dóibh bheith i láthair go sealadach i mBallstáit eile, beidh an soláthraí faoi cheangal ag comhaontú den chineál sin. Ba cheart don soláthraí faisnéis ghinearálta a thabhairt dá rannpháirtithe maidir le cáilíocht seirbhíse ábhair ar líne a chuirtear ar fáil i mBallstát seachas an Ballstát cónaithe go háirithe faisnéis go bhféadfadh caighdeán seachadta athrú ó chaighdeán seachadta na seirbhíse ábhair ar líne sa Bhallstát cónaithe. D'fhéadfaí faisnéis den sórt sin a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí.

(20) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne an oibleagáid inaistritheacht thrasteorann a gcuid seirbhísí a sholáthar gan na cearta ábhartha i mBallstát eile a fháil, ní mór a leagan síos go mbeidh na soláthraithe seirbhíse a sholáthraíonn seirbhísí ábhair inaistrithe ar líne a chuirtear ar fáil go dleathach ar íocaíocht airgid sa Bhallstát cónaithe i dteideal na seirbhísí a sholáthar do na rannpháirtithe sin nuair a bheidh siad i láthair go sealadach i mBallstát eile. Ba cheart é sin a bhaint amach trína leagan síos gur cheart a mheas gur i mBallstát cónaithe an rannpháirtí a tharlaíonn an soláthar, an rochtain ar an tseirbhís ábhair ar líne agus an úsáid a bhaintear aisti. Cuirtear seirbhís ábhair ar líne ar fáil go dleathach má chuirtear an tseirbhís agus an t-ábhar ar fáil ar bhealach dleathach sa Bhallstát cónaithe. Leis an Rialachán seo, agus go háirithe leis an sásra dlíthiúil lena ndéantar soláthar na seirbhísí ábhair ar líne, rochtain orthu agus a n-úsáid a logánú i mBallstát cónaithe an rannpháirtí, ní chuirtear cosc ar sholáthraí seirbhísí a thairiscint don rannpháirtí atá i láthair go sealadach i mBallstát eile seirbhís ábhair ar líne a chuireann an soláthraí seirbhíse ar fáil go dleathach sa Bhallstát sin.

(21) I gcás ceadúnú cóipcheart agus cearta gaolmhara, ciallaíonn sin gur cheart a mheas gur i mBallstát cónaithe an rannpháirtí a dhéantar gníomhartha ábhartha atáirgthe, cur in iúl don phobal agus cur ar fáil saothar agus ábhair chosanta eile, chomh maith leis na gníomhartha asbhainte nó athúsáide i ndáil le bunachair shonraí atá cosanta le cearta sui generis, gníomhaíochtaí a dhéantar i gcás ina mbíonn an tseirbhís ar fáil do rannpháirtithe nuair a bhíonn siad go sealadach i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go ndéanann soláthraithe na seirbhíse ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid na gníomhartha sin ar bhonn na n-údaruithe a fuair siad ó na sealbhóirí cirt lena mbaineann le haghaidh Bhallstát cónaithe na rannpháirtithe. Aon uair is féidir le soláthraithe gníomhartha cur in iúl don phobal nó atáirgthe i mBallstát an rannpháirtí a dhéanamh ar bhonn údarú ó na sealbhóirí cirt atá i gceist, ba cheart é a bheith ar chumas rannpháirtí atá go sealadach i mBallstáit seachas a Bhallstát cónaithe rochtain a fháil ar an tseirbhís agus úsáid a bhaint aisti agus nuair is gá aon ghníomhartha ábhartha atáirgthe amhail íoslódáil a dhéanamh a bheadh sé i dteideal a dhéanamh ina Bhallstát cónaithe. Má sholáthraíonn soláthraí seirbhís ábhair ar líne do rannpháirtí atá i láthair go sealadach i mBallstáit seachas a Bhallstát cónaithe agus go mbaineann an rannpháirtí sin úsáid as an tseirbhís i gcomhréir leis an Rialachán seo, níor cheart an soláthar sin agus an úsáid sin a bheith ina sárú ar chóipcheart nó cearta gaolmhara nó aon chearta eile atá ábhartha maidir le húsáid an ábhair sa tseirbhís.

(22) Níor cheart soláthraithe seirbhíse ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid a bheith faoi dhliteanas i leith sárú aon fhorálacha conarthacha nach bhfuil i gcomhréir leis an oibleagáid é a chur ar chumas a gcuid rannpháirtithe an tseirbhís a úsáid sa Bhallstát ina bhfuil siad go sealadach. Dá bhrí sin ba cheart clásail i gconarthaí a ceapadh chun inaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne den sórt sin a chosc nó a theorannú a bheith neamh-infheidhmithe. Níor cheart go mbeadh cead ag soláthraithe ná ag sealbhóirí ceart atá ábhartha i ndáil le soláthar seirbhísí ábhair ar líne teacht timpeall ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, de bhua dlí tríú tír nach Ballstát é a roghnú mar an dlí is infheidhme maidir le conarthaí eatarthu nó maidir le conarthaí idir soláthraithe agus rannpháirtithe na scéime.

(22a) Sainítear sa Rialachán seo coincheapa atá riachtanach lena chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Ballstát cónaithe. Ba cheart an Ballstát cónaithe a chinntiú agus aird á tabhairt ar chuspóirí an Rialacháin seo agus ar an ngá lena chur i bhfeidhm aonfhoirmeach san Aontas a áirithiú. Tugtar le tuiscint sa sainmhíniú ar an mBallstát cónaithe go bhfuil cónaí iarbhír agus seasmhach sa Bhallstát ag an rannpháirtí ar a bhfilleann sé nó sí go rialta. Ba cheart go mbeadh soláthraí a chinntigh an Ballstát cónaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo in ann glacadh leis, chun críche an Rialacháin seo, gurbh é an t-aon Bhallstát cónaithe atá ag an rannpháirtí an Ballstát cónaithe mar atá fíoraithe. Níor cheart a chur d'oibleagáid ar sholáthraithe a fhíorú cé acu an bhfuil a gcuid rannpháirtithe ina rannpháirtithe freisin ar sheirbhís ábhair ar líne i mBallstát eile.

(23) Ba cheart a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid do rannpháirtithe atá i láthair go sealadach i mBallstát seachas a mBallstát cónaithe úsáid a bhaint as modhanna éifeachtacha chun Ballstát cónaithe a gcuid rannpháirtithe a fhíorú. Ba cheart go mbeadh úsáid na modhanna sin réasúnta i gcónaí agus níor cheart go rachadh an úsáid sin thar a bhfuil riachtanach d'fhonn an cuspóir chun an Ballstát cónaithe a chinntiú a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe bheith ag brath ar na modhanna fíoraithe a liostaítear sa Rialachán seo. Is é cuspóir an liosta seo deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil maidir leis na modhanna fíoraithe a bheidh in úsáid ag soláthraithe. I ngach cás, ba cheart aird a thabhairt ar éifeachtacht modha fíoraithe áirithe i mBallstát ar leith agus maidir leis an tseirbhís ábhair ar líne ar leith. Mura bhféadfar an Ballstát cónaithe a shuíomh ar leibhéal leordhóthanach cinnteachta ar bhonn modh aonair fíoraithe, beidh an soláthraí ag brath ar mheascán de na modhanna sin. Ina theannta sin, ba cheart, leis an Rialachán seo, go mbeadh ar chumas soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne agus sealbhóirí ceart teacht ar chomhaontú maidir leis na modhanna fíoraithe áirithe ar cheart do sholáthraithe úsáid a bhaint astu, bídís liostaithe sa Rialachán nó nach bíodh. Leis sin, ba cheart go mbeadh solúbthacht ann maidir le rogha na modhanna fíoraithe sin. Ba cheart do na modhanna sin bheith éifeachtach, réasúnta agus níor cheart dóibh dul thar a bhfuil riachtanach chun an Ballstát chónaithe a chinntiú.

Féadfaidh soláthraí seirbhís ábhair ar líne a iarraidh ar an rannpháirtí an fhaisnéis riachtanach a sholáthar d'fhonn Ballstát cónaithe an rannpháirtí a fhíorú go leordhóthanach. I gcás ina dteipeann ar an rannpháirtí an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus, mar thoradh air sin, nach bhfuil an soláthraí in ann an Ballstát cónaithe a fhíorú mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, níor cheart don soláthraí inaistritheacht thrasteorann na seirbhíse ábhair ar líne a chur ar fáil don rannpháirtí faoin Rialachán seo.

(23a) Mar sin féin, ba cheart don sealbhóirí cóipchirt, ceart gaolmhar nó ceart eile in ábhar na seirbhísí ábhair ar líne bheith in ann rochtain ar a n-ábhar a cheadú, agus úsáid an ábhair sin a cheadú faoin Rialachán seo gan an Ballstát cónaithe a fhíorú. D'fhéadfadh go mbeadh an méid sin infheidhme in earnálacha amhail ceol agus ríomhleabhair go háirithe. Ba cheart do shealbhóirí ceart bheith in ann cinntí den sórt sin a dhéanamh go héasca agus iad ag cur comhaontuithe i gcrích le soláthraithe. Faoi chomhaontuithe idir sealbhóirí ceart agus soláthraithe, níor cheart go gcuirfí srian ar an deis atá ag sealbhóirí cirt an cead sin a tharraingt siar tar éis fógra réasúnta a thabhairt. I gcásanna ina gcinneann sealbhóirí cóipchirt, ceart gaolmhara nó ceart eile rochtain ar a n-ábhar a cheadú agus an t-ábhar sin a úsáid gan fíorú ón mBallstát cónaithe, beidh feidhm fós ag gach gné eile den Rialachán seo agus ba cheart gur leor é an comhaontú idir an soláthraí agus an rannpháirtí chun seirbhís ábhair ar líne a chur ar fáil chun Ballstát cónaithe an rannpháirtí a chinntiú.

(23b) D'fhéadfadh sampláil nó seiceáil thréimhsiúil ar sheoladh IP a bheith san áireamh sna modhanna fíoraithe in ionad faireachán leanúnach ar shuíomh. Ós rud é, agus an fíorú á dhéanamh, nach é an suíomh beacht atá tábhachtach, ach an rannpháirtí a bheith i láthair go sealadach i mBallstát eile agus rochtain aige ar an tseirbhís, níor cheart sonraí suímh beaichte a bhailiú ná a phróiseáil chun na críche sin. Mar an gcéanna, i gcás inar leor fíordheimhniú rannpháirtí chun an tseirbhís a sholáthraítear a sheachadadh, níor cheart é a bheith ina cheanglas an rannpháirtí a shainaithint.

(24) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin, go háirithe an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse chun obair a dhéanamh. Ba cheart, agus aon phróiseáil sonraí pearsanta á déanamh faoin Rialachán seo, na cearta bunúsacha a urramú, lena n-áirítear an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ní mór an phróiseáil a bheith i gcomhréir le Treoracha 95/46/CE[7] agus 2002/58/CE[8]. Ba cheart go dtuigfí tagairtí don Treoir 95/46/CE agus don Treoir 2002/58/CE mar thagairtí ar reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair mar aon leis an reachtaíocht a chuirfear ina ionad. Go háirithe, agus an oibleagáid dhlíthiúil faoin Rialachán seo chun an Ballstát cónaithe a fhíorú á cur san áireamh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne a áirithiú go mbeadh aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir ábhartha a bhaint amach. Ba cheart faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil do na rannpháirtithe maidir leis na modhanna a úsáidtear leis an bhfíorú agus a chuspóirí a chur san áireamh sna bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá, mar aon le bearta slándála iomchuí a áirithiú.

(25) Níor cheart don Rialachán difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta, ná go háirithe Airteagal 101 agus Airteagal 102 den Chonradh. Níor cheart na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a úsáid chun iomaíocht a shrianadh ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an gConradh.

---

7 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin IO L 281, 23.11.1995, lch. 31–50.

8 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (An Treoir um phríobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37), ar a dtugtar, mar atá arna leasú le Treoracha 2006/24/CE agus 2009/136/CE, an "Treoir maidir le Ríomhphríobhaideachas".

(25a) Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Treoir 2014/26/AE[9] ná go háirithe Teideal III den Treoir sin. Tá na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain dhleathach a éascú ar ábhar a chosnaítear le cóipcheart agus cearta gaolmhara chomh maith leis na seirbhísí a bhaineann leis sin

(26) Maireann conarthaí faoina gceadúnaítear ábhar ar feadh tréimhse sách fada, de ghnáth. Dá bhrí sin, agus d'fhonn a áirithiú gur féidir le gach tomhaltóir atá ina chónaí san Aontas úsáid a bhaint as gné inaistritheachta trasteorann na seirbhísí ábhair ar líne ar bhonn cothrom ó thaobh ama de agus gan aon mhoill mhíchuí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le conarthaí a tugadh i gcrích agus cearta a fuarthas roimh dháta a chur i bhfeidhm má bhaineann siad le hinaistritheacht thrasteorann na seirbhíse ábhair ar líne a cuireadh ar fáil tar éis an dáta sin. Tá sin riachtanach freisin chun a áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta ann do sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach, tríd an deis a thabhairt do sholáthraithe a thug i gcrích conarthaí le sealbhóirí cirt a bhí le maireachtáil ar feadh tréimhse fhada maidir le hinaistritheacht thrasteorann a chur ar fáil dá gcuid rannpháirtithe, is cuma cén deis a bheidh ag soláthraí na conarthaí sin a athrú trí idirbheartaíocht. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú leis an bhforáil sin, i gcás ina ndéanann soláthraithe na socruithe is gá chun inaistritheacht thrasteorann a gcuid seirbhísí a chur ar fáil, go mbeidh siad in ann an inaistritheacht sin a chur ar fáil i dtaca lena n-ábhar iomlán ar líne. Ar deireadh, ba cheart, mar gheall ar an bhforáil sin, gan é a bheith d'iallach ar na sealbhóirí cirt na conarthaí ceadúnaithe atá acu faoi láthair a athrú trí idirbheartaíocht chun gur féidir le soláthraithe inaistritheacht thrasteorann seirbhísí a sholáthar.

9 Treoir 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhbhainistiú ar chóipcheart agus cearta gaolmhara agus ar cheadúnú ilchríochach ceart i saothair cheolmhara d'úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach, IO L 84, 20.3.2014, lch. 72-98.

(27) Ós rud é go mbeidh an Rialachán i bhfeidhm, dá bhrí sin, maidir le roinnt conarthaí agus ceart a fuarthas roimh dháta a chur i bhfeidhm, is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnta idir dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus dáta a chur i bhfeidhm le gur féidir le sealbhóirí cirt agus leis na soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid na socruithe is gá a dhéanamh chun cúrsaí a chur in oiriúint don staid nua, agus le gur féidir le soláthraithe téarmaí úsáide a gcuid seirbhísí a leasú. Maidir le hathruithe ar théarmaí úsáide seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil i bpacáistí ina gcuirtear le chéile seirbhís cumarsáide leictreonaí agus seirbhís ábhair ar líne, ar athruithe iad a dhéantar díreach d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ní spreagfaidh siad aon cheart do rannpháirtithe faoi dhlíthe náisiúnta lena dtrasuítear an creat rialúcháin le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí tarraingt siar as conarthaí a bhaineann leis na seirbhísí cumarsáide leictreonaí sin a chur ar fáil.

(28) Chun inaistritheacht thrasteorann na seirbhísí ábhair ar líne a áirithiú san Aontas, is iomchuí Rialachán a ghlacadh agus go mbeidh feidhm dhíreach ag an Rialachán sin sna Ballstáit. Tá gá leis sin chun a ráthú go gcuirfear i bhfeidhm na rialacha maidir le hinaistritheacht thrasteorann go haonfhoirmeach ar fud na mBallstát agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm ag an am céanna maidir le gach seirbhís ábhair ar líne. Is le Rialachán amháin is féidir a áirithiú go mbeidh an méid deimhneachta dlíthiúla ann atá riachtanach chun é a chur ar chumas tomhaltóirí tairbhe a bhaint as inaistritheacht thrasteorann ar fud an Aontais.

(29) Ós rud é gurb é is cuspóir don Rialacháin seo an creat dlí a oiriúnú sa chaoi go mbeidh inaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne ar fáil san Aontas, agus nach féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, de bharr scála agus éifeachtaí an chuspóra sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Rialachán seo difear suntasach don chaoi a gceadúnaítear na cearta agus ní chuirtear iallach leis ar shealbhóirí cirt ná ar sholáthraithe seirbhísí ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid idirbheartaíocht a dhéanamh an athuair faoi chonarthaí. Ina theannta sin, níl ceanglas sa Rialachán seo go nglacfaidh na soláthraithe bearta chun cáilíocht sheachadadh na seirbhísí ábhair ar líne a áirithiú lasmuigh de Bhallstát cónaithe an rannpháirtí. Ar deireadh, níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe a chuireann seirbhísí ábhair ar líne ar fáil gan íocaíocht airgid agus nach mbaineann leas as an rogha inaistritheacht thrasteorann a seirbhísí a chumasú. Dá bhrí sin, ní bheidh aon chostais dhíréireacha ann dá bharr,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Cuspóir agus raon feidhme*

(1) Leis an Rialachán seo, tugtar isteach cur chuige coiteann san Aontas maidir lena áirithiú go bhféadfaidh rannpháirtithe le seirbhísí ábhair ar líne ina mBallstát cónaithe rochtain a fháil ar na seirbhísí sin agus iad a úsáid, agus iad i láthair go sealadach i mBallstát eile.

(2) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le réimse an chánachais.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn "Rannpháirtí" aon tomhaltóir a fhéadfaidh, ar bhonn conradh le haghaidh soláthar seirbhíse ábhair ar líne le soláthraí, rochtain a fháil ar an tseirbhís sin agus í a úsáid i mBallstát cónaithe an tomhaltóra;

(b) Ciallaíonn "Tomhaltóir" aon duine nádúrtha atá ag gníomhú, de bhun conarthaí atá cumhdaithe faoin Rialachán seo, chun críocha atá lasmuigh dá cheird, dá ghnó, dá ealaín nó dá ghairm;

(c) Ciallaíonn "Ballstát cónaithe" an Ballstát, a bhunaítear ar bhonn Airteagal 3B, ina bhfuil áit chónaithe iarbhír an tomhaltóra ar a bhfilleann sé/sí go rialta;

(d) Ciallaíonn "i láthair go sealadach i mBallstát" go bhfuil rannpháirtí i mBallstát seachas a Bhallstát cónaithe ar feadh tréimhse teoranta ama;

(e) Ciallaíonn "Seirbhís ábhair ar líne" seirbhís a shainmhínítear le hAirteagal 56 agus le hAirteagal 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus a chuireann soláthraí ar fáil go dleathach do rannpháirtí ina Bhallstát cónaithe, ar théarmaí comhaontaithe, ar líne agus ar bhonn inaistrithe, agus arb e atá ann an méid seo a leanas:

   (i) seirbhís meán closamhairc de réir bhrí Threoir 2010/13/AE, nó

   (ii) seirbhís arb é a príomhghné rochtain a chur ar fáil ar oibreacha, ar ábhair eile a chosnaítear nó ar chraoltaí eagraíochtaí craolacháin agus iad a úsáid, bíodh sin ar bhealach líneach nó ar éileamh;

(f) Ciallaíonn "inaistrithe" gur féidir le rannpháirtithe rochtain go héifeachtach ar an ábhair ar líne agus í a úsáid sa Bhallstát cónaithe gan bheith teoranta do shuíomh ar leith.

*Airteagal 3*

*An oibleagáid inaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne a chumasú*

(1) Maidir le seirbhís ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid, cuirfidh soláthraí na seirbhíse ábhair ar líne sin ar chumas rannpháirtí atá i láthair go sealadach i mBallstát rochtain a fháil uirthi agus í a úsáid.

(2) Ní chumhdóidh an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 aon cheanglais cháilíochta is infheidhme maidir le seachadadh na seirbhíse ábhair ar líne a bhfuil an soláthraí faoina réir nuair a chuireann sé an tseirbhís sin ar fáil sa Bhallstát cónaithe, ach amháin i gcás ina ndéanfaidh an soláthraí a mhalairt ar bhonn sainráite.

(3) Roimh dó seirbhís ábhair ar líne a chur ar fáil, cuirfidh an soláthraí faisnéis ar fáil don rannpháirtí maidir le cáilíocht seachadta na seirbhíse sin a chuirtear ar fáil i gcomhréir le mír 1. Déanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil trí mhodhanna atá leordhóthanach agus comhréireach.

*Airteagal 3A*

*Rogha maidir le hinaistritheacht thrasteorann seirbhísí ábhair ar líne a chumasú i gcomhréir leis an Rialachán seo*

(1) Maidir le seirbhís ábhair ar líne a chuirtear ar fáil gan íocaíocht airgid, féadfaidh soláthraí na seirbhíse sin an rogha a dhéanamh é a chur ar chumas na rannpháirtithe atá i láthair go sealadach i mBallstát rochtain a fháil ar an tseirbhís ábhair ar líne i gcomhréir leis an Rialachán seo ar an gcoinníoll go ndéanann an soláthraí Ballstát cónaithe an rannpháirtí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 3B.

(2) Roimh dó an tseirbhís ábhair ar líne a chur ar fáil i gcomhréir le mír 1, déanfaidh an soláthraí na rannpháirtithe, na sealbhóirí ábhartha cóipchirt agus ceart gaolmhar agus iad siúd ag a bhfuil aon chearta eile maidir le hábhar na seirbhíse ábhair ar líne, a chur ar aon eolas maidir lena chinneadh an tseirbhís sin a chur ar fáil. Déanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil trí mhodhanna atá leordhóthanach agus comhréireach.

(3) Má roghnaíonn an soláthraí an tseirbhís ábhair ar líne a chur ar fáil i gcomhréir le mír 1, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an soláthraí sin.

*Airteagal 3B*

*Fíorú an Bhallstáit cónaithe*

(1) Maidir le seirbhís ábhair ar líne a chuirtear ar fáil ar íocaíocht airgid, déanfaidh soláthraí na seirbhíse sin leas a bhaint as modh éifeachtach d'fhonn Ballstát cónaithe na rannpháirtithe a fhíorú. Beidh na modhanna sin réasúnach agus ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach d'fhonn a gcuspóirí a bhaint amach.

(2) D'fhonn an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, beidh an soláthraí ag brath ar na modhanna fíorúcháin seo a leanas:

(a) dearbhú ón rannpháirtí maidir lena Bhallstát cónaithe/lena Ballstát cónaithe;

(b) cárta aitheantais nó aon doiciméad bailí eile lena ndearbhaítear Ballstát cónaithe an rannpháirtí;

(c) seoladh billeála nó seoladh poist an rannpháirtí;

(d) sonraí bainc, amhail cuntas bainc, cárta creidmheasa áitiúil nó cárta dochair áitiúil an rannpháirtí;

(e) an áit ina suiteáiltear bosca bairr nó feiste comhchosúil chun seirbhísí a sholáthar don rannpháirtí;

(f) an rannpháirtí a bheith mar pháirtí do chonradh le haghaidh nasc idirlín nó teileafóin sa Bhallstát;

(g) go n-íocann an rannpháirtí táille ceadúnais le haghaidh seirbhísí eile a chuirtear ar fáil sa Bhallstát, amhail craolachán seirbhíse poiblí;

(h) Prótacal Idirlín (IP) a shampláil nó a sheiceáil go tréimhsiúil chun an Ballstát a shainaithint ina bhfaigheann an rannpháirtí rochtain ar an tseirbhís ábhair ar líne nó ina n-úsáideann sé nó sí í, nó an Ballstát sin a shainaithint trí mhodhanna eile geoshuí;

(i) clárúchán ar rollaí áitiúla toghthóirí, má tá an méid sin ar fáil go poiblí; nó

(j) íocaíocht ar chánacha áitiúla/ar chánacha cloigne, má tá an méid sin ar fáil go poiblí.

Mura bhféadfar an Ballstát cónaithe a chinntiú go leordhóthanach ar bhonn modh aonair fíorúcháin, beidh an soláthraí ag brath ar mheascán de na modhanna sin.

Ní úsáidfear an dearbhú ón soláthraí maidir lena Bhallstát cónaithe/lena Ballstát cónaithe ach amháin in éineacht le modh fíorúcháin amháin nó níos mó.

(3) Maidir leis an soláthraí agus leis na sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar nó maidir leo siúd ag a bhfuil aon chearta eile i ndáil le hábhar seirbhís ábhair ar líne, féadfaidh siad teacht ar chomhaontú le chéile maidir le húsáid modh áirithe dá dtagraítear i mír 2 nó maidir le húsáid aon mhodha eile i gcomhréir le mír 1 chun an Ballstát cónaithe a fhíorú.

(4) Beidh an soláthraí i dteideal a iarraidh ar an rannpháirtí an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun an Ballstát cónaithe a fhíorú. I gcás ina dteipeann ar an rannpháirtí an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus, mar thoradh air sin, nach bhfuil an soláthraí in ann an Ballstát cónaithe a fhíorú mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo, ní chuirfidh an soláthraí ar chumas an rannpháirtí, ar bhonn an Rialacháin seo, rochtain a fháil ar an tseirbhís ábhair ar líne ná í a úsáid agus é nó í i láthair go sealadach i mBallstát.

(5) Maidir leis na sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar agus maidir leo siúd ag a bhfuil aon chearta eile i ndáil le hábhar seirbhís ábhair ar líne, féadfaidh siad rochtain ar a n-ábhar agus úsáid an ábhair sin a údarú faoin Rialachán seo gan an Ballstát cónaithe a fhíorú, ach seachas sin i gcomhréir leis an Rialachán seo. Sna cásanna sin, maidir leis an gcomhaontú idir an soláthraí agus an rannpháirtí i ndáil le seirbhís ábhair ar líne a chur ar fáil, is leor é chun Ballstát cónaithe an rannpháirtí a bhunú.

(6) Maidir leis an gcomhaontú idir an soláthraí agus na sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar nó iad siúd ag a bhfuil aon chearta eile i ndáil le hábhar seirbhís ábhair ar líne, ní chuirfear srian leis ar an deis atá ag sealbhóir na gceart an t-údarú dá dtagraítear i mír 5 a tharraingt siar ach fógra réasúnach a thabhairt don soláthraí.

*Airteagal 4*

*Logánú ar sholáthar seirbhísí ábhair ar líne, ar an rochtain atá orthu agus ar an úsáid a bhaintear astu*

Maidir le seirbhís ábhair ar líne a chur ar fáil faoin Rialachán seo do rannpháirtí atá i láthair go sealadach i mBallstát, agus maidir le rochtain a bheith ag an rannpháirtí sin uirthi agus í a úsáid, measfar go gcuirtear ar fáil i mBallstát cónaithe an rannpháirtí í, agus sa Bhallstát sin amháin.

*Airteagal 5*

*Forálacha conarthacha*

(1) Maidir le haon fhorálacha conarthacha, lena n-áirítear forálacha conarthacha idir sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar, iad siúd ag a bhfuil aon chearta eile atá ábhartha i ndáil le rochtain a fháil ar ábhar i seirbhísí ábhair ar líne agus i ndáil lena úsáid, agus soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne, agus freisin maidir le forálacha conarthacha idir na soláthraithe sin agus na rannpháirtithe, nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh siad neamh-infheidhmithe.

(2) Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo beag beann ar an dlí is infheidhme maidir le conarthaí a thugtar i gcrích idir soláthraithe seirbhísí ábhair ar líne agus sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar nó iad siúd ag a bhfuil aon chearta eile atá ábhartha maidir le rochtain a fháil ar ábhar i seirbhísí ábhair ar líne agus maidir lena úsáid, agus beag beann ar an dlí is infheidhme maidir le conarthaí idir na soláthraithe sin agus na rannpháirtithe.

*Airteagal 6*

*Sonraí pearsanta a chosaint*

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar faoi chuimsiú an Rialacháin seo, déanfar i gcomhréir le Treoir 95/46/CE agus le Treoir 2002/58/CE í.

*Airteagal 7*

*Feidhmiú maidir le conarthaí atá ann cheana agus cearta a fuarthas cheana*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le conarthaí a tugadh i gcrích agus le cearta a fuarthas roimh dháta a chur i bhfeidhm má bhaineann siad le cur ar fáil seirbhís ábhair ar líne, le rochtain uirthi agus lena húsáid i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 3A tar éis an dáta sin.

*Airteagal 7a*

*Meastóireacht*

Trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil maidir lena chur i bhfeidhm faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áireofar sa tuarascáil sin measúnú ar fhíorú an Bhallstáit cónaithe agus, más gá, ar an ngá atá le hathbhreithniú. Gabhfaidh togra reachtach leis an tuarascáil ón gCoimisiún, más iomchuí.

*Airteagal 8*

*Forálacha críochnaitheacha*

(1) Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(2) Beidh feidhm aige amhail ó 12 mhí tar éis lá a fhoilsithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |